

**Comhairle Contae Átha Cliath Theas**  
**Halla an Chontae,**  
**Tamhlacht,**  
**Baile Átha Cliath 24**

**Ráiteas Príobháideachais le haghaidh: Rannóg Pobail**  
**Aonad Gnó: Seirbhísí Pobail**

**Cé sinn féin agus cén fáth go bhfuil do chuid faisnéise ag teastáil uainn?**

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag féachaint le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn, agus rannchur trí dhéanamh amhlaidh le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do mhuintir Chontae Átha Cliath Theas.

Tá seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin, atá saincheaptha le héilimh ár gcustaiméirí uile a shásamh, fós ar cheann de chroíchuspóirí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, agus tá sé curtha san áireamh mar chuid dár bPlean Corparáideach. Ní hamháin go n-áirítear an leibhéal agus caighdeán seirbhíse a thugtar dár gcustaiméirí leis an tseirbhís ardchaighdeáin sin, ach caighdeán ár bpróiseas cinnteoireachta freisin, éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár n-oibríochtaí corparáideacha, caighdeán ár saoráidí agus ár gcumas chun dul in oiriúint i dtimpeallacht shíorathraitheach.

Leis an réimse seirbhísí is éifeachtaí agus is spriocdhírthe a chur ar fáil le héilimh na saoránach, pobal agus gnólachtaí i gContae Átha Cliath Theas a shásamh, ní mór dúinn cineálacha áirithe faisnéise a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid faoi dhaoine agus eagraíochtaí. Ag brath ar an tseirbhís a bhfuiltear á lorg nó á cur ar fáil d'fhéadfaí a áireamh leis an bhfaisnéis a bhfuiltear á lorg 'sonraí pearsanta' arna sainiú leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus d'fhéadfaidís a bheith bainteach le húsáideoirí seirbhíse faoi láthair, roimhe seo agus amach anseo; fostaithe roimhe seo, atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; soláthróirí; agus baill an phobail a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gcumarsáid lenár bhfoireann. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gur gá do bhaill foirne, ó am go chéile, cineálacha áirithe sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun ceanglais rialála nó reachtúla a chomhlíonadh.

**Cén fáth a bhfuil ráiteas príobháideachais ag an gComhairle?**

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tar éis an ráiteas príobháideachais seo a chumadh mar léiriú ar thiomantas láidir na Comhairle don phríobháideachas agus do shlándáil na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil don Chomhairle.

Is é an tiomantas a gheallann Comhairle Contae Átha Cliath Theas duitse i dtaobh na sonraí pearsanta a d'fhéadfaí gur gá duit a sholáthar dúinn:

- Go ndéanfar iad a fháil ar bhealach dlíthiúil, cothrom agus trédhearcach
- Nach ndéanfar iad a fháil agus a choinneáil ach amháin chun cuspóirí sonraithe, sainráite agus dlisteanacha
- Go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na críche dá bhfuarthas iad
- Go ndéanfar iad a thaifeadadh go cruinn, agus i gcás inar gá, go ndéanfar iad a nuashonrú
- Go ndéanfar iad a stóráil go sábháilte agus go slán
- Nach ndéanfar iad a choinneáil ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch dá bhfuarthas iad.
- Go ndéanfar iad a choinneáil ar chaoi ina gceadaítear sainaithint an ábhair sonraí
- Go ndéanfar iad a phróiseáil ar bhealach lena gcinntítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaráithe nó neamhdhleathach.

## **An tseirbhís dá dtagraítear sa Ráiteas Príobháideachais seo**

Ranníocaíochtaí Airgeadais a Sholáthar faoin gCiste um Bonneagar Pobail.

### **Sonraí pearsanta a theastaíonn**

Ainm duine (Cathaoirleach/ Rúnaí/Cisteoir) a chuireann isteach an t-iarratas, seoladh, r-phost, uimhir theileafóin/mhóibíleach

### **Cuspóir sonrath agus dlisteanach dá bhfuil na sonraí á lorg**

Le hÍoc Chiste an Bhonneagair Pobail a phróiseáil

### **An bunús dlí faoinar gá an fhaisnéis a chur ar fáil**

Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil 2001

### **Eagraíochtaí/comhlachtaí/eintitis eile ar gá don Chomhairle sonraí a roinnt leo, nó sonraí a fháil uathu, d'fhonn an tseirbhís riachtanach a chur ar fáil**

Ní dhéantar aon sonraí pearsanta a chomhroinnt, ach comhroinntear sonraí eile a bhaineann leis an iarratasóir/ eagraíocht/grúpa chun cuspóirí íocaíochta le banc na Comhairle agus le banc an ghrúpa iarratasóirí/na heagraíochta.

### **Conas a choinneofar do shonraí pearsanta slán sábháilte ó phróiseáil neamhúdraithe nó neamhdhleathach**

- Coinneofar na sonraí sin ar bhealach leictreonach ar scarbhileog faoi chosaint pasfhocail ar líonra slán.
- Coinneofar sonraí cruachóipe i gcaibinéad faoi ghlas
- Déantar iarratais ar líne a stóráil go slán ar fhreastalaí na Comhairle, agus rochtain shrianta orthu.

### **An tréimhse dá gcoinneofar do shonraí pearsanta**

Déantar na sonraí a bhailítear faoin scéim seo a stóráil go ceann tréimhse 5 bliana

### **Sonraí Teagmhála**

Chun cumarsáid a dhéanamh leatsa, fiafróidh an Chomhairle do shonraí teagmhála díot. Ní gá duit gach sonra teagmhála a chur ar fáil, ach is fusa don Chomhairle cumarsáid a dhéanamh leat má chuireann tú níos mó ar fáil, amhail r-phost, fón nó seoladh.

### **Do Chearta Cosanta Sonraí**

- Bíonn an ceart agat rochtain a iarraidh ar na sonraí pearsanta a choinnítear fút, deimhniú a fháil maidir le cé acu arb ann nó nach ann do na sonraí maidir leatsa, eolas a fháil faoi inneachar agus foinse na sonraí agus a gcrúinneas a sheiceáil. Ina theannta sin, má fhaightear amach go bhfuil na sonraí atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas míchruinn, bíonn sé de cheart agat go gceartódh an Chomhairle na sonraí.
- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí faisnéis a léisciosadh, agóid a dhéanamh in aghaidh margaíocht dhíreach agus srian a chur le próiseáil do chuid faisnéise, lena n-áirítear cinnteoireacht uathoibríthe.
- Bíonn sé de cheart agat iniomparthacht sonraí a iarraidh (aistriú) i leith sonraí pearsanta i seilbh leictreonach ag an gComhairle chuig rialaitheoir sonraí eile i gcás inarb indéanta ar bhonn teicniúil.
- Féadfaidh tú toiliú a tharraingt siar ag aon am i gcás ina mbíonn an phróiseáil go hiomlán bunaithe ar do thoil.

- Tabhair faoi deara chun cuidiú le do phríobháideachas a chosaint déanfaidh an Chomhairle bearta le d'aitheantas a fhíorú sula ndéanfaítear rochtain ar shonraí pearsanta.
- Ba cheart iarrataí le sonraí a rochtain a dhéanamh i scríbhinn agus arna seoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

R-phost:

[dataprotection@sdublincoco.ie](mailto:dataprotection@sdublincoco.ie)

Teileafón: 01-4149000.

### **An Ceart chun Gearán a dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**

Más rud é nach bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fhaigheann tú i ndáil le hiarraidh ar shonraí a rochtain, nó má tá tú míshásta le bealach próiseála do shonraí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas, sa chás sin beidh tú i dteideal gearán a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a d'fhéadfadh imscrúdú a dhéanamh ar an gcás ar do shonsa.

Is é [www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie) láithreán gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le

hOifig an Choimisinéara ag:

Fón: 076 110 4800 nó 057 868 4800

R-phost: [info@dataprotection.ie](mailto:info@dataprotection.ie)

#### **Seoladh Poist:**

An Coimisiún um Chosaint  
Sonraí 21 Cearnóg Mhic Liam  
Baile Átha Cliath 2  
D02 RD28